# NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

---

**CLÁR ÁBHAIR** **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| EOLAS | 2 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 3 - 4 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD | 5 - 10 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH | 11 - 13 |
| RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE | 14 |
| RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH | 15 |
| RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS | 16 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID | 17 |
| NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS | 18 - 27 |

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Eolas

---

**Comhaltaí Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta:**

2023-2026
An Dr Fergal Lynch (Cathaoirleach)
Pat Goff (Leas-Chathaoirleach)
An Dr Peter Archer
Eamon Clavin
Eileen Daly
Dharragh Hunt
Catherine Cross
An Dr Michael Redmond
An Dr Deirbhile Nic Craith
Caroline Quinn
An Dr Yvonne Kennedy
Angela O'Neill
Diarmuid Dullaghan

### Príomhfheidhmeannach:

John Kearney

### Ceannoifig:

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí

### Cuntasóirí:

Mazars, Bloc 3, Ionad Fhearchair, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

### Iniúchóirí:

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí:

Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha, Cliath 2

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchiste ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhaidh airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais seo léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *Bonn na tuairime*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tugtar tuairisc ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gComhairle agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha isteach ag an gComhairle, mar aon leis na ráitis airgeadais. Ina measc sin, tá ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle agus ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéise den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam chuige sin.

**Mary Henry**
**Le haghaidh agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Meán Fómhair 2024**

## Freagrachtaí Chomhaltaí na Comhairle

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúil a ullmhú mar a leagtar amach Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- breithiúnas a dhéanamh maidir le húsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a bheith iomchuí, agus
- an méid rialaithe Inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí a úsáid chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus tuairisciú a dhéanamh do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil an cuntas ina iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de dheasca calaoisí nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, go mbraithfidh sé míshonrú ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; a dearadh agus cur i gcrích nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha de bharr calaoise níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann de bharr earráide, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Déanaim tátal a bhaint maidir le cé chomh cuí is atá sé go bhfuil úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

  Má thagaim ar an tátal gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé suas go dáta na tuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo, áfach, a d'fhágfadh nach mbeadh an Chomhairle in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha..

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más fíor, i mo thuairimse, aon cheann de na ráitis seo a leanas:

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh réidh agus ceart a dhéanamh orthu, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go bhfuilim den tuairim go raibh míshonrú ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tugaim tuairisc má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc má tá aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

---

### Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách le hordú ón Aire Oideachais ag an am i mí na Nollag 2003. Bunaíodh go foirmiúil í faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (Acht EPSEN) le héifeacht 1 Deireadh Fómhair 2005.

Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in alt 20 den Acht EPSEN. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann an POF bainistíocht agus rialú ginearálta ar fhoireann, riarachán agus gnó na Comhairle mar atá leagtha amach in alt 24 d’Acht EPSEN. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh CNOS ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreoir straitéiseach arna leagan síos sa Ráiteas Straitéise (2022-2026) arna faomhadh ag an gComhairle, agus ní mór dóibh féachaint go mbeidh tuiscint shoiléir ag comhaltaí na Comhairle Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí móra is dóigh a dtiocfaidh chun cinn. Bhí an Straitéis faoi athbhreithniú arís in 2023 chun Straitéis nua do 2023 go 2026 a fhorbairt.

### Freagrachtaí na Comhairle

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach san Acht EPSEN agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do Chomhaltaí na Comhairle, ina leagtar amach go sonrach na hábhair atá forchoimeádta don Chomhairle. Tugtar tuilleadh eolais faoi ghnó agus dualgais na Comhairle i dTéarmaí Tagartha agus i mBuan-Orduithe na Comhairle. I measc na mbuanmhíreanna arna mbreithniú ag an gComhairle, tá:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ó choistí
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- nithe forchoimeádta.
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le CNOS

Le hAlt 29 den Acht EPSEN, ceanglaítear ar Chomhairle CNOS gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Oideachas le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Chomhairle CNOS:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d’oibriú, agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le ceanglais Acht EPSEN. Cloíonn CNOS le nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus faoin gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann).

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as na buiséid bhliantúla a cheadú. Rinneadh feidhmíocht CNOS i bhfianaise an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil a mheas ag an gcruinniú Boird ar an 7 Nollaig 2023. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní CNOS a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Déanann an Chomhairle measúnú cuí freisin ar phríomhrioscaí CNOS, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo nuair is cuí agus bearta maolaithe gaolmhara.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais CNOS léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CNOS amhail an 31 Nollaig 2023.

**Struchtúr na Comhairle**

Tá Cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta ar an mBord, agus iad go léir ceaptha ag an Aire Oideachais. Chuaigh téarma na Comhairle roimhe sin in éag do na comhaltaí go léir ar an 31 Nollaig 2022. Cuireadh tús le Comhairle nua a cheapadh ar an 1 Eanáir 2023; fir ab ea seachtar ball den Chomhairle agus mná ab ea seisear díobh. Tá oibleagáid ar an gComhairle teacht le chéile sé huaire sa bhliain ar a laghad agus in 2023, tháinig an Chomhairle le chéile seacht n-uaire.

| Comhalta den Chomhairle | Ról | Tréimhse Cheapacháin |
|---|---|---|
| An Dr Fergal Lynch | Cathaoirleach | 22 Lúnasa 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Pat Goff* | Leas-Chathaoirleach | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| An Dr Peter Archer* | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Eamon Clavin* | Gnáthchomhalta | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Eileen Daly* | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Dharragh Hunt* | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Catherine Cross | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| An Dr Michael Redmond | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| An Dr Deirbhile Nic Craith* | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Caroline Quinn | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| An Dr Yvonne Kennedy | Gnáthchomhalta | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Angela O'Neill* | Gnáthchomhalta | 01 Eanáir 2023 - 31 Nollaig 2026 |
| Diarmuid Dullaghan | Gnáthchomhalta | 20 Aibreán 2023 - 31 Nollaig 2026 |

Tá an dara téarma as a chéile ar an gComhairle á dhéanamh ag na comhaltaí sin a bhfuil réiltín (*) in aice lena n-ainm.

Bhunaigh an Chomhairle 5 Choiste faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíonn na Coistí chuig an gComhairle de réir a dtéarmaí tagartha agus a dtreoirlínte rialachais arna gcinneadh ag an gComhairle. Fónann comhaltaí na Comhairle ar Choiste amháin nó ar líon níos mó ná sin. I gcás an Choiste Iniúchóireachta & Riosca, tá Cathaoirleach seachtrach ceaptha ag an gComhairle a bhfuil taithí ábhartha aige.

Is iad seo a leanas na Coistí:

1. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá triúr ball den Chomhairle ar an gCoiste, mar aon le Cathaoirleach seachtrach ar an gCoiste seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná tacaíocht a thabhairt do Chomhairle CNOS ina freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe chun riachtanais dearbhaithe na Comhairle a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Tá an Coiste neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus a fhreagrachtaí agus i gcinneadh agus i monatóireacht a chláir oibre. Níl sé faoi réir treorach nó rialaithe ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire ar a laghad sa bhliain agus scaiptear miontuairiscí ar chomhaltaí uile na Comhairle. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Chomhairle tar éis gach cruinniú de chuid an Choiste. Bunaíodh coiste nua in 2023 le Lisa Campbell (Cathaoirleach) agus Peter Archer á gceapadh an athuair, agus bhí Pat Goff agus Deirbhile Nic Craith ina gceapacháin nua ar an gcoiste. Reáchtáladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireacht agus Riosca in 2023.

2. **Coiste Feidhmíochta an POF**

Cuimsíonn Coiste Feidhmíochta an POF triúr ball den Chomhairle, lena n-áirítear Cathaoirleach na Comhairle. Is é ról an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF maidir le Plean Gnó na heagraíochta. Bíonn ar a laghad dhá chruinniú ann gach bliain. Bunaíodh coiste nua in 2023 agus rinneadh Peter Archer a cheapadh an athuair, agus bhí Fergal Lynch (Cathaoirleach) agus Pat Goff ina gceapacháin nua. Tháinig Coiste Feidhmíochta an POF le chéile trí huaire in 2023.

3. **Coiste Airgeadais**

Tá ceathrar comhaltaí Comhairle ar an gCoiste Airgeadas. Is é ról an Choiste Airgeadais an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoina staid airgeadais agus comhairle a thabhairt di ina leith. Tá ról comhairleach ag an gCoiste agus tá uirthi tuairisciú agus moltaí a dhéanamh chun tacú le cinnteoireacht airgeadais na Comhairle. Bunaíodh coiste nua in 2023 agus rinneadh Deirbhile Nic Craith (cathaoirleach nua) agus Eileen Daly a cheapadh an athuair. Bhí Caroline Quinn agus Diarmuid Dullaghan ina gceapacháin nua ar an gcoiste. Reáchtáladh 5 chruinniú den Airgeadas Choiste in 2023.

4. **Coiste Taighde**

Tá ceathrar comhaltaí Comhairle ar an gCoiste Taighde. Tugann an Coiste Taighde comhairle don Chomhairle maidir leis an mbeartas agus leis an gclár taighde agus cuireann sé ionchur saineolach iomchuí le forbairt straitéiseach bheartas taighde na Comhairle, lena n-áirítear a clár taighde ilbhliantúil. Bunaíodh coiste nua in 2023 le Peter Archer (fós ina Chathaoirleach) agus ceapadh Dharragh Hunt an athuair. Bhí Catherine Cross agus Yvonne Kennedy ina gceapacháin nua ar an gcoiste seo. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Taighde in 2023.

5. **Coiste Straitéise agus Beartais**

Tá ceathrar comhaltaí Comhairle ar an gCoiste Straitéise agus Beartais. Is é ról an choiste seo ná ionchur cuí a dhéanamh maidir le comhairle beartais agus gníomhaíochtaí straitéiseacha leanúnacha CNOS a fhorbairt. Bunaíodh coiste nua in 2023 agus rinneadh Angela O'Neill a cheapadh an athuair. Rinneadh Pat Goff (cathaoirleach nua), Eamon Clavin agus Michael Redmond a cheapadh ina gcomhaltaí nua den choiste. Reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste Straitéise agus Beartais in 2023.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ar chruinnithe Comhairle agus Coiste le linn 2023 agus cuirtear san áireamh ann na táillí agus speansais a fuair gach comhalta ar leith as a ndualgais Comhairle.

| | An Chomhairle | Coiste I. & Riosca | Coiste Feidhmíochta an POF | Coiste Airgeadais | Coiste Taighde | Coiste Straitéise & Beartais | Speansais 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | | | | | | | |
| An Dr Fergal Lynch[1] | 2 | | 1 | | | | 447 |
| Pat Goff | 7 | 5 | 3 | | | 2 | 2,517 |
| An Dr Peter Archer | 7 | 5 | 3 | | 4 | | 105 |
| Eamon Clavin | 4 | | | | | 0 | 436 |
| Eileen Daly | 7 | | | 5 | | | 210 |
| Dharragh Hunt | 7 | | | | 4 | | |
| Catherine Cross | 5 | | | | 4 | | |
| An Dr Michael Redmond | 6 | | | | | 2 | |
| An Dr Deirbhile Nic Craith | 7 | 6 | | 5 | | | 337 |
| Caroline Quinn | 7 | | | 5 | | | 139 |
| An Dr Yvonne Kennedy | 3 | | | | 0 | | |
| Angela O'Neill | 6 | | | | | 2 | |
| Diarmuid Dullaghan | 4 | | | 4 | | | |
| Lisa Campbell [2] | | 6 | | | | | |
| **Iomlán** | **7** | **6** | **3** | **5** | **4** | **2** | **4,193** |

Ní íoctar táillí le comhaltaí na Comhairle as a ról mar chomhaltaí Comhairle de chuid CNOS.

### Mórathruithe ó thaobh Pearsanra

D'fhág Príomhoifigeach amháin an eagraíocht i mí an Mhárta 2023. Ní íoctar táillí le comhaltaí den Chomhairle i leith an róil atá acu mar chomhaltaí de Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

### Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CNOS ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear faoin gCód na nochtuithe thall a dhéanamh.

1 Ceapadh Fergal Lynch ina Chathaoirleach ar an 22 Lúnasa 2023.

2 Ní raibh Lisa Campbell ina comhalta den Chomhairle. Ceapadh chun an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca í mar Chathaoirleach seachtrach a bhfuil taithí ábhartha aici. Freastalaíonn Lisa ar chuid de chruinnithe na Comhairle gach bliain mar chuid dá ról ar an gCoiste seo.

### *Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe*

Rangaítear sochair ghearrthéarma fostaithe atá de bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| **Raon sochar iomlán na bhfostaithe** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| €60,000 - | €69,999 | 35 | 37 |
| €70,000 - | € 79,999 | 50 | 31 |
| €80,000 - | € 89,999 | 13 | 7 |
| €90,000 - | € 99,999 | 6 | 3 |
| €100,000 - | € 109,999 | 2 | 0 |
| €110,000 - | € 119,999 | 0 | 1 |
| €120,000 - | € 129,999 | 2 | 0 |
| €130,000 - | € 139,999 | 0 | 0 |
| €140,000 - | € 149,999 | 0 | 1 |
| €150,000 - | € 159,999 | 1 | 0 |

Tá pá scála an Phríomhoifigigh Fheidhmeannach (POF) i gcomhréir le grád an Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse. Ba ionann luach saothair iomlán an POF don tréimhse airgeadais agus €151,067 (2022: €122.023).

Ba ionann an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta do 2023 agus €566,849 (2022: €558,947). Áirítear leis na príomhphearsa bainistíochta an POF agus Príomhoifigigh a thuairiscíonn go díreach chuig an POF.

### *Costais Sainchomhairleoireachta*

Áirítear le Costais Sainchomhairleoireachta an costas a bhí ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna'gnó mar is  gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Sainchomhairleoireacht TF | 53,732 | 55,634 |
| Feabhsú Próisis Ghnó | 5,689 | - |
| Comhairle Cumarsáide | 939 | 4,463 |
| **Costas Iomlán na Sainchomhairleoireachta** | **60,360** | **60,097** |

### *Costais Dlí agus Socruithe*

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le himeachtaí dlithiúla. Is é CNOS an freagróir ainmnithe i líon beag cásanna dlí leanúnacha a bhféadfadh costais bhreise a bheith mar thoradh orthu a bheith tabhaithe ag CNOS ach níorbh fhéidir na costais seo a mheas go cruinn.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais dlí | 63,998 | 185,498 |

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Intíre:** | | |
| Comhairle[3] | 4193 | 2942 |
| Fostaithe | 1,359,982 | 1,071,863 |
| **Idirnáisiúnta:** | | |
| Comhairle | Neamhní | Neamhní |
| Fostaithe | 19,536 | 6,503 |
| **Iomlán** | 1,383,711 | 1,081,308 |

Tá costais taistil agus chothaithe do rannpháirtithe a d'fhreastail ar thionscnaimh forbartha gairmiúla taifeadta leagtha amach ina aonar i Nóta 3 - Caiteachas.

***Caiteachas Fáilteachais:***

Seo a leanas an caiteachas fáilteachais:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas | - | - |

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. In 2023, tá CNOS tar éis cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**Síniú:**

**Fergal Lynch**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

**John Kearney**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

[3] Ní bhaineann caiteachas na Comhairle ach amháin le speansais a bhaineann le gnó na Comhairle.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Raon Freagrachta

Thar ceann na Comhairle, aithním freagracht na Comhairle as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú sa chaoi is go mbeifear in ann é a sheasamh, seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i CNOS don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, ach amháin i gcás mír amháin atá leagtha amach san alt maidir le cúrsaí rialaithe inmheánaí.

### Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Comhairle CNOS ar a bhfuil triúr ball den Chomhairle agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta aige, agus is é sin Cathaoirleach an Choiste. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire in 2023.

Tá Comhairle CNOS tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaí a chur ar bun freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a sheolann clársceidealaithe oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a fhaomhtar ag Comhairle CNOS.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tar éis beartas bainistíochta riosca a fhorbairt ina leagtar amach a acmhainn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an CN, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir CNOS córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an CN agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus soláthraítear nuashonrú ar na 5 riosca is airde ag gach cruinniú den choiste sin. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

---

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú, sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann;
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais; agus
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

### Bainistíocht agus Tuairisciú Airgeadais

Éilíonn an Cód Cleachtais ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtchuntais sula moltar iad a ghlacadh. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréachtchuntais ar an 16 Feabhra 2024 agus mhol sé don Chomhairle iad a ghlacadh. Ghlac an Chomhairle na dréachtchuntais ag an gcruinniú a bhí aici an 29 Feabhra 2024.

### Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNOS chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Cuirtear béim ar rudaí a bhaineann le rialuithe maidir le soláthar thíos faoin teideal 'Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach'.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag CNOS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht taobh istigh de CNOS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú An Post ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Is féidir liom a dhearbhú go ndearna an Chomhairle a hathbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha ag cruinniú na Comhairle ar an 29 Feabhra 2024.

Tá an Chomhairle sásta go leanann na rialuithe atá i bhfeidhm laistigh de CNOS ag feidhmiú go sásúil agus go héifeachtach.

**Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh**

I rith 2023, tabhaíodh caiteachas €102,934 maidir le hearraí agus seirbhísí nár chomhlíon na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm na treoirlínte soláthair. Bhain an caiteachas le trí sholáthraí ar leith.

- In dhá chás, le caiteachas de €95,563, tugadh neamhchomhlíonadh faoi deara ar bhonn caiteachais charnach trí sholáthar trí luachan os cionn na tairsí náisiúnta. An tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar an gcaiteachas carnach le soláthraithe aonair sula gcuirtear tús le soláthar agus tugadh soiléireacht maidir le sonraíocht iomlán na riachtanas gnó le haghaidh imeachtaí a leagan amach roimh ré leis na rannóga;
- I gcás amháin, a bhain le caiteachas de €7,371, tugadh faoi sholáthar aonuaire agus tharla neamhchomhlíonadh nuair nár lorgaíodh trí luachan scríofa. Rinneadh athbhreithniú ar phróisis soláthair agus rinneadh soiléiriú ar chomhlíonadh na dtreoirlínte soláthair leis an rannóg ábhartha.

Leanadh in 2023 leis an mbéim ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú soláthair isteach agus déantar athbhreithniú anois air ar bhonn míosúil chomh maith le bonn ráithiúil. Rinneadh roinnt athruithe i réimse an tsoláthair, le treoir agus ciorcláin soláthair athbhreithnithe agus nuashonraíodh treoirlínte soláthair inmheánacha agus oiliúint ina dhiaidh sin ag teacht leis na hathruithe seo. Leanadh le hoiliúint a chur ar bhaill foirne i róil a bhaineann le soláthar maidir le treoirlínte soláthair agus dea-chleachtais i rith 2023. Tá oiliúint do bhaill foirne i róil nach mbaineann le soláthar agus tá a ról maidir le riachtanais ghnó agus sonraíochtaí soláthair a leagan amach á chur i bhfeidhm.

**Síniú:**



**Fergal Lynch**
**Cathaoirleach**
**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 17,838,949 | 15,379,725 |
| Aistriú ón gcuntas caipitil | 10 | 132,828 | 206,096 |
| Ioncam iomlán | | 17,971,777 | 15,585,821 |
| **Caiteachas** | 3 | (17,841,255) | (15,763,826) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | 130,522 | (178,005) |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe ag tús na bliana | | (225,950) | (47,945) |
| **Cúlchistí ioncaim coinnithe ag deireadh na bliana** | | **(95,428)** | **(225,950)** |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá nótaí 1 - 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Fergal Lynch**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

**John Kearney**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | 130,522 | (178,005) |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais pinsin | 6 (d) | 227,000 | 851,000 |
| Coigeartú ar an tsócmhainn chistithe pinsin iarchurtha | 6 (d) | (227,000) | (851,000) |
| Ioncam cuimsitheach iomlán/(easnamh) don bhliain | | 130,522 | (178,005) |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá nótaí 1 - 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Fergal Lynch**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

**John Kearney**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30 Meán Fómhair 2024**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 7 | 155,972 | 288,800 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | 8 | 668,898 | 340,008 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 279,493 | 292,720 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA** | | 948,391 | 632,728 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Méideanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin | 9 | (1,043,819) | (858,678) |
| **GLANDLITEANAIS REATHA** | | (95,428) | (225,950) |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 60,544 | 62,850 |
| **SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 6 | 1,870,000 | (1,069,000) |
| Sócmhainn maoinithe um shochair scoir iarchurtha | 6 | (1,870,000) | 1,069,000 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 60,544 | 62,850 |
| **CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ** | | | |
| Cúlchistí coinnithe ioncaim | | (95,428) | (225,950) |
| Cuntas caipitil | 10 | 155,972 | 288,800 |
| | | 60,544 | 62,850 |

Tá nótaí 1 - 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleac**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach**

**Dáta: 30 Meán Fómhair**

**Dáta: 30 Meán Fómhair**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach barrachais don bhliain chuig glan-airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain | | 130,522 | (178,005) |
| Dímheas | 7 | 131,927 | 163,686 |
| Brabús/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe seasta | 7 | 901 | 42,410 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 10 | (132,828) | (206,096) |
| (Méadú)/Laghdú ar infháltais | 8 | (328,890) | (8,905) |
| (Méadú)/Laghdú i méideanna iníoctha | 9 | 185141 | (36,159) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (13,227) | (223,069) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a shealbhú | 7 | - | - |
| **Laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | (13,227) | (223,069) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | 292,720 | 515,789 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig | | 279,493 | 292,720 |
| **Laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | (13,227) | (223,069) |

Tá nótaí 1 - 15 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Síniú:**

**Fergal Lynch**
**Cathaoirleac**

**Dáta: 30 Meán Fómhair**

**John Kearney**
**Príomhoifigeach**

**Dáta: 30 Meán Fómhair**

Is cuid dhílis de na nótaí seo agus ba chóir iad a léamh i gcomhar leis na ráitis airgeadais a ghabhann leo.

### 1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos na beartais chuntasaíochta suntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuirtear na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith gach bliana, mura luaitear a mhalairt.

### 1.1 Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Riocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin i gcás ioncaim mar atá mionsonraithe i Nóta 1.5 thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### 1.2 Airgeadra a thuairisciú

Is in Euro a chuirtear na ráitis airgeadais i láthair, agus is é sin airgeadra feidhmiúil na Comhairle. Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ar na rátaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Caitear leis na difríochtaí malairte a thagann as sin le linn ioncam agus caiteachas a ríomh don bhliain airgeadais.

### 1.3 Gnóthas Leantach

Is trína gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iarmhéideanna airgid a fhreastalaíonn CNOS ar a cuid riachtanais laethúla chaipiteal oibre. Tá ionchas réasúnach ag an gComhairle go bhfuil go leor acmhainní ag CNOS chun leanúint de bheith ag oibriú don todhchaí intuartha. Dá bhrí sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais aonáin seo ar bhonn gnóthas leantach.

### 1.4 Tréimhse chuntasaíochta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023.

### 1.5 Ioncam

Tá ioncam ar bhonn fáltas airgid agus léiríonn sé an méid a íoctar go díreach le CNOS

- ag an Roinn Oideachais don bhliain mar dheontas de réir Alt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

## 1.6 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnúcháin charnacha. Áirítear le costas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus go mbainfidh sí an bhail amach a theastaíonn go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach a bheartaíonn an bhainistíocht.

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d'fhonn an costas a bhaineann le sócmhainní a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán & feistis | 10 mbliana |
| Trealamh oifige | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 5 bliana |
| Athchóiriú léasachta | 20 bliain |
| Bogearraí ríomhaireachta/suíomh gréasáin | 3 bliana |

Déantar athbhreithniú ar luachanna tugtha anonn maoine, gléasra agus trealaimh le haghaidh lagaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach tugtha anonn inghnóthaithe. Déantar athbhreithniú ar shaolréanna úsáideacha measta, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa, agus coigeartaítear iad de réir mar is cuí, ag deireadh gach bliana airgeadais.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí na fáltais a chur i gcomparáid leis an tsuim ghlanluacha, agus aithnítear iad laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Tá beartas CNOS maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta CNOS leagtha amach ina Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais atá i gcomhréir le ciorcláin na Roinne Airgeadais/na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Is é beartas sócmhainní seasta CNOS sócmhainní a chaipitliú a bhfuil saolré níos mó ná bliain amháin acu agus luach níos mó ná €10,000 ó 1 Eanáir 2021 i gcomhréir le Ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 1.7 Cuntas caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

## 1.8 Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Chomhairle raon sochar d'fhostaithe, lena n-airítear socruithe saoire íoctha.

*Sochair ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire, mar chostas sa tréimhse má gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA (ar lean.)**

### 1.8 Sochair fostaithe (ar lean.)

*Costais sochair scoir*

Foráiltear in Alt 25(5) d'Acht EPSEN gur státseirbhísigh iad foireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Níl aon mhuirear ann sna ráitis airgeadais i leith aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na mball foirne sin. Tiocfaidh teidlíochtaí sochair bhall foirne as a gcuid seirbhíse leis an gComhairle agus as a gcuid seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní chistítear an Chomhairle maidir leis na teidlíochtaí sochair sin. Mar thoradh ar na riachtanais in FRS 102 i dtaca le sochar sainithe, ní mheastar go mbainfidh pleananna agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh eile riachtanach.

Is baill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair iad baill foirne nua-iontrálaithe seirbhíse poiblí arna bhfostú ag an gComhairle tar éis an 1 Eanáir 2013, de réir Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha a dhéanamh ó thuarastail na foirne atá ina gcuid den scéim. Féach Nóta 6 chun teacht ar a thuilleadh sonraí.

### 1.9 Breithiúnais agus meastacháin a úsáid

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin ná boinn tuisceana a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bheartais chuntasaíochta na Comhairle a chur i bhfeidhm agus ar shuim thuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansais. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin go hionchasach.

**2. IONCAM**

| | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|
| Chuir an Roinn Oideachais na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don Chomhairle | 14,760,647 | 12,813,563 |
| An tSamhail Chuimsithe Scoile | 3,078,302 | 2,566,162 |
| | 17,838,949 | 15,379,725 |

| 3. | CAITEACHAS | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| | Clódóireacht, postas agus páipéarachas | 278,614 | 241,582 |
| | Cíos agus rátaí | 838,169 | 967,245 |
| | Teileafón | 190,968 | 209,621 |
| | Solas agus teas | 80,044 | 77,832 |
| | Deisiúcháin agus cothabháil | 132,348 | 156,865 |
| | Oiliúint agus Forbairt | 892,161 | 812,855 |
| | Rannpháirtithe oiliúna (FGL)[4] | 750,223 | 534,694 |
| | Costais taistil agus chothaithe[5] | 1,383,711 | 1,081,308 |
| | Rannpháirtithe taistil agus cothabhála[6] | 179,427 | 74,667 |
| | Costais cruinnithe | 95,861 | 74,165 |
| | Costais ghinearálta | 74,017 | 31,856 |
| | Táillí earcaíochta[7] | 180,558 | 41,037 |
| | Caiteachas taighde[8] | 335,385 | 197,183 |
| | Costais TF | 866,702 | 829,024 |
| | Táillí sainchomhairleoireachta[9] | 60,360 | 60,097 |
| | Seirbhísí seachfhoinsithe[10] | 28,971 | 23,826 |
| | Seirbhísí gairmiúla & idirghabhála[11] | 417,147 | 382,672 |
| | Táille iniúchóireachta inmheánaí | 23,591 | 10,701 |
| | Táille iniúchóireachta seachtraí | 32,000 | 26,600 |
| | Táillí cuntasaíochta | 16,624 | 22,141 |
| | Táillí dlí | 63,999 | 185,498 |
| | Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 901 | 42,410 |
| | Conradh don Tionscadal Teiripe Ionscoile | 158,810 | 47,901 |
| | | | |
| | Pá & tuarastail (Nóta 4) | 9,699,407 | 8,649,827 |
| | ÁSPC an Fhostóra | 929,330 | 818,533 |
| | Dímheas (Nóta 7) | 131,927 | 163,686 |
| | **Caiteachas Iomlán** | 17,841,255 | 15,763,826 |

[4] Léiríonn sé seo na costais oiliúna a bhaineann le FGL a sholáthar do rannpháirtithe mar chostais ionaid, táillí léachtóra agus táillí cúrsaí.
[5] Tháinig méadú ar chúrsaí taistil agus cothabhála in 2023 mar gheall ar earcú foirne breise a bhain le leathnú CNOS. B'ionann costais taistil agus chothaithe thar lear sa bhliain agus €17,347 (2022: €6,503).
[6] Léiríonn sé seo na costais taistil agus chothaithe a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí.
[7] In 2023, cuireadh conradh i bhfeidhm le cuideachta earcaíochta chun tacú leis na gníomhaíochtaí earcaíochta suntasacha a bhaineann le leathnú na heagraíochta.
[8] Áirítear leis sin na costais mheastóireachta don chlár CES ar tionscadal imfhálaithe é a áiríonn costas na meastóireachta.
[9] Tabhaíodh táillí comhairliúcháin maidir le seirbhísí TF agus cumarsáide.
[10] Léiríonn sé seo na costais riaracháin a bhaineann leis an bpárolla seachfhoinsithe.
[11] Léiríonn sé seo na costais a tabhaíodh ó sholáthar seirbhísí mar theiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, idirghabhálacha litearthachta agus uimhearthachta, idirghabhálacha feabhsaithe iompair agus measúnuithe gairmiúla.

### 4. PÁ AGUS TUARASTAIL

Tá beartas an Rialtais maidir le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachta stáit á chur i bhfeidhm. B'ionann an líon baill foirne a bhí fostaithe ag CNOS ag deireadh 2023 agus 183 (2022: 145), 114 ball foirne Seirbhísí Áitiúla (2022: 102) agus 69 ball foirne sa Cheannoifig (2022: 43).

Ba ionann an caiteachas ar thuarastail d'fhoireann na Seirbhísí Áitiúla[12] agus €5,272,450 (2022: €5,562,239), Foireann an Tionscadail Teiripe Ionscoile €1,432,051 (2022: €873,972) agus tuarastail fhoireann na Ceannoifige €3,174,252 (2022: €2,213,616), i.e. €9,878,753 (2022: €8,649,827). Áirítear leis na hiomláin seo €793 (2022: €78) íoctha mar ragobair agus €69,581 (2022: €27,298) íoctha mar liúntais ard-dhleachta.

Asbhaineadh ranníocaí aoisliúntais €364,173 as tuarastail na foirne i rith na bliana(2022: €330,374). D'aisíoc CNOS €364,173 chuig an Roinn Oideachais le linn na bliana (2022: €330,374).

Rinneadh asbhaintí €363,091 a bhaineann le pinsean as tuarastail foirne i rith na bliana (2022: €405,466). D'aisíoc CNOS €363,091 chuig an Roinn Oideachais le linn na bliana (2022: €403,146).

Ní ghearrtar ar chuntais CNOS costas na foirne a sholáthraíonn raon seirbhísí a bhfuil CNOS freagrach astu ach a bhfuil an fhoireann fostaithe ag an Roinn Oideachais nó ag boird bhainistíochta.

### 5. COSTAIS, TÁILLÍ CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE AGUS LUACH SAOTHAIR POF

Ní íoctar táillí le comhaltaí na Comhairle as a ról mar chomhaltaí Comhairle de chuid CNOS. Tá baill na Comhairle i dteideal costais taistil agus chothaithe a éileamh. In 2023 b'ionann é sin agus €4,193 (2022: €2,942).

Tá pá scála an Phríomhoifigigh Fheidhmeannach i gcomhréir le grád an Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse. Ba ionann luach saothair an POF agus €151,067 in 2023 (2022: €122,023). Tá an POF ina bhall den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bunaithe agus ní théann teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach Nóta 1.8 chomh maith. Sochair Fostaithe

B'ionann an luach saothair iomlán do phríomhphearsanra bainistíochta do 2023 agus €566,849 (2022: €558,947). Áirítear leis na príomhphearsa bainistíochta an POF agus Príomhoifigigh a thuairiscíonn go díreach chuig an POF.

[12] In 2022, áiríodh roinnt tuarastail um an tSamhail Chuimsithe Scoile faoi fhoireann na Seirbhísí Áitiúla.

### 6. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá feidhm ag scéim aoisliúntais sochair shainithe maidir le baill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse ina scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann iad. Maoinítear sochair ar bhonn "íoc mar a thuillir". Ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais phinsin fhabhraithe bhaill foirne na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ní ghearrtar aon ní ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Feidhmíonn CNOS an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Plean") chomh maith a bhaineann le 94 ball foirne 2022: 65) ball foirne a tháinig isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua ar an 1 Eanáir 2013. Is scéim sochar sainithe pinsin í ar thug CNOS cuntas uirthi agus í ag déanamh meastachán ar a oibleagáidí scoir le sochar sainithe de réir FRS 102. Is le cuntas sochair scoir de chuid an Stáit a íoctar gach ranníocaíocht sochair scoir a dhéanann fostaithe isteach sa scéim. Feidhmíonn an scéim ar bhonn 'íoc mar a thuillir' atá iníoctha ó chroímhaoiniú CNOS. Cuirtear teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn faoin scéim seo leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina dtuilltear iad.

Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách agus riachtanais Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2023.

Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.54% | 1.28% |
| Boilsciú Praghsanna | 2.75% | 2.30% |
| Méaduithe Tuarastail | 3.75% | 3.30% |
| Méaduithe ar an bPinsean Stáit | 2.75% | 2.30% |
| Méaduithe Toimhdithe ar Phinsin | 2.75% | 2.30% |

#### Ionchas saoil

Leis an mbonn básmhaireachta, is ríléir go gceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir. Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 68 bliain d'aois in 2023 agus 2022.

| ***Bliain ina sroichtear 65 bliana d'aois*** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir (i mblianta) | 21.2 | 21 |
| Ionchas saoil – mná (i mblianta) | 23.5 | 23.4 |

**6. COSTAIS SOCHAIR SCOIR (ar *leanúint*)**

**(a) Anailís ar an méid a gearradh ar an mbrabús oibriúcháin**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 538,000 | 803,000 |
| Ús ar dhliteanais um shocair sainithe | 38,000 | 14,000 |
| Costais na sochar foirceanta | - | - |
| | 576000 | 817000 |
| Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais scoir na bliana reatha | 576,000 | 817,000 |

**(b) Sócmhainn mhaoinithe um shochair scoir iarchurtha**

Aithníonn CNOS na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsin bunaithe ar shraith toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt teagmhas roimhe seo. Cuimsíonn na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun an Plean a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag CNOS nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de shuimeanna a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha. I gcás go mbunófar sócmhainn sa todhchaí le haghaidh oibleagáidí SPSS, déanfar íocaíocht na n-oibleagáidí sin a mhaoiniú go lárnach.

**(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir | (1,069,000) | (1,106,000) |
| Costas seirbhíse iomlán an fhostaí | (538,000) | (803,000) |
| Glan-ús ar ghlandliteanas sainithe | (38,000) | (14,000) |
| Brabús achtúireach i rith na bliana | (227,000) | 851,000 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | 2,000 | 3,000 |
| Glanoibleagáid sochair scoir ar an 31 Nollaig | (1,870,000) | (1,069,000) |

**(d) (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| (Caillteanas) /gnóthachan sa bhliain | - | - |
| Brabús/caillteanas achtúireach i rith na bliana | (227,000) | 851,000 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | (227,000) | 851,000 |

### 7. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Athchóiriú léasachta | Trealamh oifige | Troscán | Trealamh ríomhair-eachta | Ríomhairí Bogearraí/ láithreán gréasáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € | € | € | € |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 610,351 | 120,044 | 669,838 | 904,151 | 446,126 | 2,750,510 |
| Méideanna breise | | | | | | - |
| Diúscairtí | - | - | (4,603) | - | - | (4,603) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 610,351 | 120,044 | 665,235 | 904,151 | 446,126 | 2,745,907 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2023 | 578,229 | 113,781 | 579,210 | 744,364 | 446,126 | 2,461,710 |
| Muirear don bhliain | 32,122 | 3,462 | 14,720 | 81,623 | - | 131,927 |
| Diúscairtí | - | - | (3,702) | - | - | (3,702) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 610,351 | 117,243 | 590,228 | 825,987 | 446,126 | 2,589,935 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 32,122 | 6,263 | 90,628 | 159,787 | - | 288,800 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | - | 2,801 | 75,007 | 78,164 | - | 155,972 |

### 8. INFHÁLTAIS

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 539,340 | 240,449 |
| Infháltais | 129,558 | 99,559 |
| | 668,898 | 340,008 |

Tá na hinfháltais go léir dlite laistigh de bhliain amháin. San áireamh i réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe, tá ioncam deontais de €218,297 a fuarthas ar an 2 Eanáir 2024 ach a aithníodh mar chuid de leithdháileadh buiséid 2023.

### 9. DLITEANAIS REATHA

| **Méideanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna iníoctha le soláthraithe | 86,611 | 76,744 |
| CBL | 69,740 | 30,369 |
| Asbhaintí párolla | 66,898 | 36,476 |
| Soláthar le haghaidh pá saoire | 525,672 | 464,563 |
| Fabhruithe | 279,653 | 231,558 |
| Suimeanna iníoctha eile | 15,245 | 18,968 |
| | 1,043,818 | 858,678 |

---

**10. CUNTAS CAIPITIL**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 288,800 | 494,896 |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní a fháil | - | - |
| Scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní | (901) | (42,410) |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (131,927) | (163,686) |
| Aistriú ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | (132,928) | (206,096) |
| Iarmhéid Deiridh | 155,972 | 288800 |

**11. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN**

Feidhmíonn CNOS líonra de 35 oifig ar fud an Stáit, a Cheanncheathrú i mBaile Átha Troim, Chontae na Mí san áireamh. Tá formhór na n-oifigí ar cíos ó aonáin atá maoinithe ag an Rialtas. Feidhmítear ocht n-oifig trí chomhaontuithe léasa idir CNOS agus comhlachtaí tráchtála.

Tá comhaontuithe ligin ag CNOS le seacht gcomhlacht tráchtála:

- Léas 1 i gCeatharlach ar feadh bliain amháin dar tús 26 Lúnasa 2022, cíos bliantúil €11,660
- Léas 2 i Mainistir Fhear Maí ar feadh 5 bliana dar tús 1 Bealtaine 2020, cíos bliantúil €12,300
- Léas 3 i Mala ar feadh bliain amháin dar tús 1 Eanáir 2023, cíos bliantúil €8,610
- Léas 4 i dTulach Mhór ar feadh bliain amháin dar tús 1 Eanáir 2023, cíos bliantúil €15,867
- Léas 5 i dTrá Lí ar feadh bliain amháin dar tús 1 Eanáir 2023, cíos bliantúil €71,419
- Léas 6 i mBaile an Scorlógaigh ar feadh 2 bliana dar tús 1 Samhain 2021, cíos bliantúil €28,782
- Léas 7 i mBaile Átha Cliath ar feadh bliain amháin dar tús 26 Lúnasa 2022, cíos bliantúil €13,549

Ba ionann an cíos bliantúil agus an muirear seirbhíse a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais le haghaidh socruithe léasa agus €162,187 (2022: €233,748) lena n-áirítear cíos breise nach bhfuil clúdaithe faoi chomhaontú.

Ag deireadh na bliana, tá íosíocaíochtaí léasa ag an gComhairle faoi léasanna oibriúcháin a bhíonn dlite mar seo a leanas:

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | 162,187 | 151,218 |
| Le linn bhliain 2 go 5 | 24,600 | 35,681 |
| Ag dul in éag ina dhiaidh sin | - | - |
| | 186,787 | 186,899 |

---

### 12. ÁITRIBH

Tá áitribh ag CNOS ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Is comhaontú é seo ar cuireadh tús leis i 2004, ar feadh téarma 20 bliain agus is ionann an muirear cíosa bliantúil agus €87,646. Ina theannta sin, tá socruithe cíosa i bhfeidhm ag CNOS leis an OOP ar 19 réadmhaoin eile. Níl aon chomhaontú scríofa faoi láthair idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus an CNOS maidir leis seo agus tá sé tugtha le fios ag Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil siad ag féachaint air seo mar chuid dá sainchúram iomlán maidir le cíos oifige a sholáthar do chomhlachtaí/gníomhaireachtaí Rialtais.

Tá áitribh ag CNOS i seacht nIonad Oideachais. Bhí comhaontuithe i scríbhinn i bhfeidhm do gach Ionad in 2023. Ina theannta sin, tá CNOS lonnaithe in áitribh i mbunscoil amháin agus bhí comhaontú i scríbhinn i bhfeidhm in 2023.

Tá seacht gcomhaontú ligin ag an CNOS le seacht gcomhlacht tráchtála, agus cuireann sé áitreabh ar cíos freisin ó chomhlacht tráchtála eile nach bhfuil aon chomhaontú ligin i bhfeidhm.

Is ionann an cíos bliantúil iomlán agus an muirear seirbhíse atá san áireamh sna ráitis airgeadais do 2023 agus
€838,169 (2022: €967,245).

### 13. SEASAMH MAOINITHE

Tá ioncam CNOS comhdhéanta de dheontas ón Roinn Oideachais a chuirtear ar fáil chun freastal ar dhliteanais a aibíonn i rith na bliana, seachas caiteachas a tabhaíodh i rith na bliana. Déantar easnamh ar bith a shásamh trí mhaoiniú amach anseo arna chur ar fáil do CNOS ag an Roinn Oideachais. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle gur iomchuí leanúint le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Ceanglaítear ar CNOS costas na dteidlíochtaí saoire bliantúla neamhúsáidte a fhabhrú ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 9). Fabhraíodh €525,672 sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023(2022: €464,563). Tagann gach saoire bhliantúil carntha ag deireadh na bliana faoi réir rialacha Chiorclán 27/03 agus Chiorclán 06/2011. Ceadaítear leis na rialacha saoire bhliantúil a thabhairt anonn faoi réir teorainneacha, agus ceadaítear freisin saoire bhliantúil iomarcach a fhabhraíonn baill foirne a fhorghéilleadh.

### 14. COMHALTAÍ NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASANNA

Tá nósanna imeachta glactha ag an gComhairle de réir Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 maidir le leasanna Chomhaltaí na Comhairle a nochtadh. Níor taifeadadh aon choinbhleachtaí leasa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

### 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais a fhaomhadh ag a cruinniú dar dáta an 29 Feabhra 2024, ar mholadh ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcruinniú a bhí aige ar an 16 Feabhra 2024.